Dar dáta an lá de 2023

**COIMISIÚN NA MEÁN**

- agus -

**[AINM AN CHONRAITHEORA]**

---

**CONRADH DEONTAIS**

CLÁR FOGHLAIM & FORBAIRT EARNÁLA 2O25

---

Coimisiún na Meán

**CLÁR ÁBHAR**

**SCEIDEAL 1 .... 4**
SONRAÍ TIONSCADAIL AGUS DEONTAIS .... 4
PLEAN ÍOCAÍOCHTA DEONTAIS .... 5
**SCEIDEAL 2 .... 6**
RÉAMHCHOINNÍOLLACHA .... 6
**SCEIDEAL 3 .... 7**
TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA CAIGHDEÁNACHA .... 7
1 CUID 1.0 - LÉIRMHÍNIÚ .... 7
2 CUID 2.0 – DEIMHNITHE AGUS BARÁNTAÍ .... 12
3 CUID 3.0 - DEONTAS .... 14
4 CUID 4.0 – AN TIONSCADAL .... 16
5 CUID 5.0 - MAOIN INTLEACHTÚIL .... 19
6 CUID 6.0 - FAIREACHÁN .... 20
7 CUID 7.0 - CÚRSAÍ AIRGEADAIS .... 21
8 CUID 8.0 – ATHRUITHE .... 23
9 CUID 9.0 - CINEÁLACHA ÁRACHAIS .... 24
10 CUID 10.0 – FOIRCEANNADH, CEALÚ AGUS CÚLGHAIRM NA nDEONTAS .... 25
11 CUID 11.0 – RÚNDACHT .... 27
12 CUID 12.0 – SLÁNAÍOCHT AGUS DLITEANAS .... 28
13 CUID 13.0 – GINEARÁLTA .... 29
**SCEIDEAL 4 .... 32**
AN PLEAN TIONSCADAIL .... 32
**SCEIDEAL 5 .... 33**
AN PLEAN BUISÉID AGUS MAOINIÚCHÁIN .... 33

Coimisiún na Meán

Rinneadh **AN CONRADH SEO** an lá de 2025

**IDIR**

(1) **COIMISIÚN NA MEÁN** a bhfuil a phríomhoifig lonnaithe in 1 Áras Shíól Bhroinn, Bóthar Shíol Bhroinn, Baile Átha Cliath 4, D04 N920 (**"an Coimisiún"**); agus

(2) **[AINM AN CHONRAITHEORA]** as [SEOLADH AN CHONRAITHEORA] (**"an Conraitheoir"**

**DE BHRÍ**:

A. Go bhfuil sé de chúram ar an gCoimisiún an Scéim a fheidhmiú.

B. Go ndearna an Conraitheoir iarratas ar dheontas chuig an gCoimisiún chun é a chumasú an Tionscadal a dhéanamh agus a chríochnú agus gur aontaigh an Coimisiún an Deontas a chur ar fáil don Chonraitheoir ar na téarmaí agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Chonradh seo.

**COMHAONTAÍTEAR AN MÉID SEO A LEANAS LEIS SEO:**

**1.** Cuirfidh an Coimisiún an Deontas ar fáil don Chonraitheoir, rud nach n-úsáidfidh an Conraitheoir ach amháin chun an Tionscadal a dhéanamh ar na téarmaí agus faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Chonradh seo.

**2.** Tá na Sceidil seo agus gach ceann de na forálacha atá leagtha amach i ngach ceann de na Sceidil ina gcuid dhílis den Chonradh seo agus meastar iad a bheith curtha san áireamh go hiomlán sa Chonradh seo agus a bheith ina n-oibleagáidí bailí de chuid na bpáirtithe faoi seach. Áirítear le tagairt don Chonradh seo tagairt do na Sceidil.

**3.** Mura sonraítear a mhalairt go sainráite, is le focail agus le habairtí a shainmhínítear nó a dtugtar brí ar leith leo i Sceideal 1 agus i Sceideal 3 atá an bhrí chéanna ar fud an Chonartha seo ar fad.

**SCEIDEAL 1**

**SONRAÍ TIONSCADAIL AGUS DEONTAIS**

| | |
|---|---|
| **SCÉIM:** | **Cistiú Líonra 2025** |
| **SONRAÍ TIONSCADAIL:** | |
| **Teideal an Tionscadail** | |
| **Cur Síos Gairid ar an Tionscadal** | |
| **Príomhphearsanra – Bainisteoir Tionscadail** | |
| **Príomhphearsanra – Eile** | |
| **SONRAÍ DEONTAIS:** | |
| **Deontas** | **€** |
| **Sonraí Cuntas Bainc:** | |
| **Ainm an bhainc** | |
| **Seoladh an bhainc** | |
| **Ainm an chuntais bhainc** | |
| **IBAN** | |
| **SWIFT/BIC** | |
| **Uimhir Thagartha Cánach an Chonraitheora** | |

**PLEAN ÍOCAÍOCHTA DEONTAIS**

Eiseoidh an Coimisiún an Deontas ina Thráthchodanna Deontais mar atá léirithe thíos. Eiseofar gach Tráthchuid Deontais tar éis an tÁbhar Seachadta gaolmhar a chur isteach (i bhfoirm a bheidh sásúil don Choimisiún) faoin Dáta Seachadta ábhartha. Ní mór an tÁbhar Seachadta ábhartha a bheith ceadaithe ag an gCoimisiún sula bhféadfar na Tráthchodanna Deontais a eisiúint.

| Méid na Tráthchoda Deontais (€) | % den Mhaoiniú | Dáta Seachadta | Ábhar Seachadta |
|---|---|---|---|
| € | % | Ar chur i gcrích an chonartha | - Sonraí Cuntas Bainc<br>- Deimhniú maidir le hImréiteach Cánach<br>- Seachadadh sásúil na Réamhchoinníollacha ábhartha uile mar atá leagtha amach i Sceideal 2 |
| € | % | | - Iarraidh ón gConraitheoir ar thráthchuid eatramhach deontais<br>- Deimhniú maidir le hImréiteach Cánach<br>- Tuarascáil eatramhach (i bhformáid a shonróidh an Coimisiún) |
| € | % | | - Iarraidh ón gConraitheoir ar thráthchuid deontais deiridh<br>- Deimhniú maidir le hImréiteach Cánach<br>- Tuarascáil Deiridh (i bhformáid a shonróidh an Coimisiún)<br>- Cuntais Deiridh<br>- Tuarascáil Cuntasóra Neamhspleách<br>- Ráiteas faoi Chomhlíonadh an Chonraitheora |

## SCEIDEAL 2

### RÉAMHCHOINNÍOLLACHA

Chun críocha an Chonartha agus, go háirithe chun críocha Chlásail 3.1 agus 3.2 de (ach amháin sa chás go gcuirfidh an Coimisiún a mhalairt in iúl trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Chonraitheoir), is "Réamhchoinníoll" é gach ceann de na ceanglais atá sa Sceideal seo 2.

### Doiciméid Riachtanacha

Ní bheidh aon oibleagáid ar an gCoimisiún an Deontas ná aon chuid de a réamhíoc go dtí go seachadfaidh an Conraitheoir chuig an gCoimisiún cóipeanna iomlána comhlánaithe (agus, má iarann an Coimisiún é, amharc ar na bunchóipeanna) de na comhaontuithe agus de na doiciméid seo a leanas, mar aon le cóipeanna de na leasuithe agus na hathruithe uile orthu sin, agus iad i bhfoirm a bheidh sásúil don Choimisiún i ngach cás:

An doiciméadúchán nach mór do gach conraitheoir a chur ar fáil:

1. Plean Buiséid agus Maoiniúcháin don Tionscadal;
2. Plean Tionscadail don Tionscadal;
3. Conradh/Conarthaí Maoiniúcháin don Tionscadal, más infheidhme;
4. Polasaí árachais don Tionscadal, rud ina dtugtar leasanna an Choimisiúin faoi deara agus lena gcomhlíontar na ceanglais atá leagtha amach i gCuid 9 de Sceideal 3;
5. Deimhniú maidir le hImréiteach Cánach – uimhreacha cláraithe cánach agus uimhreacha rochtana don Chonraitheoir, rudaí is leordhóthanach chun comhlíonadh cánach an Chonraitheora a thaispeáint;
6. Litir ina ndeimhnítear nach bhfuil aon fhritháireamh ann ar an gCuntas Bainc, rud a bheidh i bhfoirm a bheidh sásúil don Choimisiún; agus
7. Aon doiciméid nó aon chomhaontuithe eile atá, i dtuairim an Choimisiúin, ábhartha do mhaoiniú, do dhéanamh nó do shaothrú an Tionscadail.

Doiciméadúchán breise nach mór do chonraitheoirí is cuideachtaí a chur ar fáil:

8. Cóip dheimhnithe dhátaithe de Dheimhniú Corpraithe an Chonraitheora;
9. Cóip dheimhnithe dhátaithe de Bhunreacht cothrom le dáta an Chonraitheora;
10. Deimhniú ó Stiúrthóir/Rúnaí Cuideachta an Chonraitheora, rud a bheidh i bhfoirm a bheidh sásúil don Choimisiún;
11. Rúin bhoird de dheimhniú an Chonraitheora gur fhormheas sé téarmaí an Chonartha seo más ionann méid an Deontais agus €50,000 nó níos mó;

Coimisiún na Meán

**SCEIDEAL 3**

**TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA CAIGHDEÁNACHA**

## 1 CUID 1.0 - LÉIRMHÍNIÚ

### 1.1 Sainmhínithe

Sa Chonradh seo, is leis na focail agus leis na habairtí seo a leanas atá an bhrí seo a leanas:

| | |
|---|---|
| "Acht 2009" | An tAcht Craolacháin 2009 (arna leasú ó am go chéile). |
| "Iarratas" | An t-iarratas ar an Deontas arna dhéanamh ag an gConraitheoir chuig an gCoimisiún, mar aon leis na soiléirithe uile i scríbhinn maidir leis an iarratas arna gcur isteach ag an gConraitheoir chuig an gCoimisiún (lena n-áirítear aon chuid nó aon chodanna de, de réir mar a cheadaíonn nó a cheanglaíonn an comhthéacs amhlaidh). |
| "Cuntas Bainc" | Cuntas bainc maidir leis an Deontas, rud a choinneoidh an Conraitheoir de réir Chlásal 7.3. |
| "Buiséad" | An Buiséad don Tionscadal mar atá leagtha amach i Sceideal 5 (lena n-áirítear aon chuid nó aon chodanna de, de réir mar a cheadaíonn nó a cheanglaíonn an comhthéacs amhlaidh). |
| "Méid Aisghlámtha" | Suim airgid a bheidh iníoctha leis an gCoimisiún de bhun Chlásal 10.2. |
| "Cómhaoinitheoir" | Duine, seachas an Coimisiún, a chuirfidh maoiniú ar fáil chun an Tionscadal a dhéanamh (agus a bheidh sainaitheanta go hiomlán sa Phlean Maoiniúcháin i Sceideal 5). |
| "Acht na gCuideachtaí, 2014" | Ciallaíonn sé seo Acht na gCuideachtaí, 2014, (agus aon leasú air). |
| "Réamhchoinníoll" | Gach ceanglas atá sainaitheanta i Sceideal 2 agus gach ceanglas ar ceanglas ar leith é nach mór a chomhlíonadh chun sástacht an Choimisiúin sula mbeidh aon chuid den Deontas iníoctha faoin gConradh seo de bhun Chlásal 3.1.3 (lena n-áirítear aon Réamhchoinníoll amháin nó níos mó nó gach ceann de na Réamhchoinníollacha, de réir mar a cheadaíonn nó a cheanglaíonn an comhthéacs amhlaidh). |
| "Faisnéis Rúnda" | Ciallaíonn sé seo faisnéis a nochtfaidh an Coimisiún ó bhéal, i scríbhinn nó trí aon mheán eile don |

| | |
|---|---|
| | Chonraitheoir de bhun an Chonartha seo nó i dtaca leis an gConradh seo, sa chás go bhfuil sé luaite go sainráite go bhfuil an fhaisnéis rúnda nó srianta nó go bhfuil an fhaisnéis marcáilte mar fhaisnéis rúnda nó shrianta. Áirítear le faisnéis den sórt sin aon rún ceirde nó aon fhaisnéis eile a bhaineann le gnó, le hairgeadas, le déileálacha, le hidirbhearta nó le gnóthaí an Choimisiúin nó a fhoirne a dtagann an Conraitheoir ar an eolas fúthu le linn dó a ghníomhaíochtaí mar Chonraitheoir a chomhlíonadh. |
| "Toiliú" | Gach ceadú, toiliú, ceadúnas, cead, deimhniú, údarú agus comhaontú a cheanglófar faoi chonradh agus/nó faoin Dlí, rudaí ar cheart iad a bhaint amach go stuama agus de réir an chleachtais tionscail is fearr i dtaca leis an gConradh seo agus/nó le déanamh, le críochnú agus/nó le saothrú an Tionscadail. |
| "Conradh" | Ciallaíonn sé seo an conradh seo, lena n-áirítear an comhaontú agus Sceidil 1 go 5. |
| "Dáta Seachadta" | Gach ceann de na dátaí atá leagtha amach sa Phlean Íocaíochta Deontais, ar dátaí iad a bhfuil Ábhar Seachadta comhfhreagrach le seachadadh chuig an gCoimisiún orthu nó rompu faoi réir théarmaí an Chonartha seo agus, go háirithe, faoi réir an tÁbhar Seachadta a bheith faighte ag an gCoimisiún i bhfoirm a bheidh sásúil dó (lena n-áirítear aon cheann amháin nó níos mó nó gach ceann de na dátaí sin nó aon dátaí eile, de réir mar a cheadaíonn nó a cheanglaíonn an comhthéacs amhlaidh). |
| "Ábhair Sheachadta" | Gach ceann de na himeachtaí, de na cúraimí nó de na táirgí atá tuairiscithe sa Phlean Íocaíochta Deontais agus is gá a chur i gcrích nó a chur ar fáil don Choimisiún (lena n-áirítear aon cheann amháin nó níos mó nó gach ceann díobh, de réir mar a cheadaíonn nó a cheanglaíonn an comhthéacs amhlaidh). |
| "Gnéithe Riachtanacha" | Gach ceann díobh seo a leanas:<br><br>(a) Sceideal 1;<br><br>(b) an Plean Buiséid agus Maoiniúcháin;<br><br>(c) an Plean Tionscadail;<br><br>(d) na Conarthaí Maoiniúcháin; agus<br><br>(e) an tIarratas,<br><br>(lena n-áirítear aon cheann amháin nó níos mó nó gach |

| | |
|---|---|
| | ceann díobh nó aon chuid nó aon chodanna d'aon cheann díobh, de réir mar a cheadaíonn nó a cheanglaíonn an comhthéacs amhlaidh). |
| "Cuntais Deiridh" | Cuntais a bheidh san fhoirm atá tuairiscithe i gClásal 7.6, de réir mar is cuí. |
| "Plean Maoiniúcháin" | An plean maoiniúcháin atá leagtha amach i Sceideal 5. |
| "Conarthaí Maoiniúcháin" | Na conarthaí a n-aontóidh an Cómhaoinitheoir/na Cómhaoinitheoirí maoiniú a chur ar fáil dá mbun le haghaidh dhéanamh an Tionscadail. |
| "Deontas" | An deontas airgeadais a íocfaidh an Coimisiún, faoi réir théarmaí an Chonartha seo, leis an gConraitheoir de réir an Phlean Íocaíochta Deontais (lena n-áirítear aon cheann amháin nó níos mó nó gach ceann de na Tráthchodanna Deontais). Íocfar é i bhfoirm tráthchoda den Deontas ("**Tráthchuid Deontais**") nó ar shlí eile. Tá méid uasta an Deontais leagtha amach i Sceideal 1. |
| "Plean Íocaíochta Deontais" | An plean íocaíochta deontais a n-íocfar, faoi réir théarmaí an Chonartha seo, na Tráthchodanna Deontais leis an gConraitheoir dá réir. Tá an plean leagtha amach i Sceideal 1. |
| "Cearta Maoine Intleachtúla" | ciallóidh siad seo gach ceart maoine intleachtúla, lena n-áirítear, gan teorainn, paitinní, trádmharcanna agus dearaí cláraithe, cóipcheart (reatha agus amach anseo), iarratais ar cheann ar bith dá bhfuil roimhe seo, ainmneacha trádála agus gnó, trádmharcanna neamhchláraithe, dea-thoil i ndáil lena bhfuil roimhe seo, cearta bunachar sonraí, cearta sui generis, cearta i ndearaí (cibé acu is dearaí inchláraithe iad nó nach ea), smaointe, aireagáin, fionnachtana, coincheapa, feabhsuithe ar theicneolaíocht reatha, próisis, fios gnó (i ngach cás, go dtí an méid is mó is féidir agus ar feadh na tréimhse iomláine ina leith agus le haghaidh gach feidhme, leathnaithe agus athnuachana lena mbaineann) agus cearta lena ngabhann an éifeacht chéanna nó éifeacht chomhchosúil nó cearta den chineál céanna nó de chineál comhchosúil i gcuid ar bith den domhan mar atá faoi láthair nó mar a bheidh amach anseo. |
| "Eachtra Dócmhainneachta" | Tarlú aon chúinse atá tuairiscithe in aon chuid de Chlásal 10.1.5 go 10.1.13. |
| "Príomhphearsanra" | An pearsanra atá sainaitheanta mar Phríomhphearsanra i Sceideal 1 (nó aon phearsanra a chuirfear in ionad an phearsanra sin agus a bheidh aontaithe i scríbhinn ag an gCoimisiún) agus aon duine |

| | |
|---|---|
| | a gceapfaidh an Conraitheoir é mar bhainisteoir tionscadail (“**Bainisteoir Tionscadail**”). |
| “Dlí” | Aon dlí Eorpach nó náisiúnta is infheidhme sa Stát (gan tuilleadh achtaithe) agus áirítear leis an dlí coiteann, reacht, ionstraim reachtúil, forógra, fodhlí, treoir, cinneadh, rialachán, riail, ordú, fógra, cód cleachtais, cód iompair, riail chúirte, ionstraimí agus reachtaíocht tharmligthe nó fo-reachtaíocht. |
| “Tionscadal” | An tionscadal a bheidh á mhaoiniú leis an Deontas agus a ndéanfaidh agus a gcríochnóidh an Conraitheoir é (chun sástacht an Choimisiúin) (“**Críochnú an Tionscadail**”), faoi réir théarmaí an Chonartha seo, agus a bhfuil cur síos mionsonraithe air le fáil i Sceideal 1, san Iarratas agus i Sceideal 4 (an “**Plean Tionscadail**”) (lena n-áirítear aon chuid nó aon chodanna den tionscadal, de réir mar a cheadaíonn nó a cheanglaíonn an comhthéacs amhlaidh). |
| “Aschur an Tionscadail” | Aon toradh, aon aschur, aon Tuarascálacha agus aon táirgí a thagann as an Tionscadal agus aon rud eile a sonróidh an Coimisiún go réasúnach é (lena n-áirítear aon cheann amháin nó níos mó nó gach ceann díobh, de réir mar a cheadaíonn nó a cheanglaíonn an comhthéacs amhlaidh). |
| “Duine Cáilithe” | Duine a bhfuil údarás aige tuarascáil Cuntasóra neamhspleách a shíniú faoi threoirlínte MTS 45 - ‘Éileamh Deontais’ arna n-eisiúint ag Cuntasóirí Cairte Éireann nó duine a bhfuil údarás aige na Cuntais Deiridh a athbhreithniú agus a shíniú faoi Threoirlínte ón gCoimisiún, mar a fhoráiltear dó i gClásal 7.6. |
| “Tuarascálacha" | Na tuarascálacha dá dtagraítear san Iarratas agus sa Chonradh seo, lena n-áireofar an Tuarascáil Eatramhach, na Cuntais Deiridh, an Tuarascáil Cuntasóra Neamhspleách agus an Tuarascáil Deiridh dá dtagraítear i Sceideal 1. |
| “Scéim” | Ciallaíonn sé seo an Scéim atá sainaitheanta i Sceideal 1. |
| “Fochonraitheoir” | Ciallaíonn sé seo aon duine nó aon tríú páirtí a rachaidh an Conraitheoir isteach i bhfochonradh leis i ndáil leis an gConradh seo, rud a bheidh faoi réir Chlásal 13.1.1 i ngach cás. |
| “Deimhniú maidir le hImréiteach Cánach” | Deimhniú go bhfuil gnóthaí cánach an Chonraitheora in eagar. Is iad na Coimisinéirí Ioncaim a eiseoidh an deimhniú agus soláthrófar é i bhfoirm a bheidh sásúil don Choimisiún. Ceanglaítear an deimhniú mar |

| | |
|---|---|
| | Réamhchoinníoll de bhun Sceideal 2. |
| "Athrú" | Is leis an téarma seo atá an bhrí a thugtar leis i gClásal 8.2.1. |
| "Fógra Athraithe" | Fógra a sheirbheálfaidh an Conraitheoir faoi Chlásal 8.2. |
| "Barántaí" | Na deimhnithe agus na barántaí atá leagtha amach i gClásal 2.1 agus is "Baránta" a bheidh i ngach ceann díobh (lena n-áirítear aon cheann amháin nó níos mó nó gach ceann díobh, de réir mar a cheadaíonn nó a cheanglaíonn an comhthéacs amhlaidh). |
| "Lá Oibre" | Ciallaíonn sé seo aon lá den tseachtain, seachas an Satharn, an Domhnach agus laethanta saoire poiblí agus bainc in Éirinn. |

**1.2 Tagairtí do Chodanna, do Chlásail, do Mhíreanna agus do Sceidil**

Is ar mhaithe le héascaíocht amháin atá aon cheannteidil ar chodanna, ar chlásail, ar mhíreanna agus ar sceidil. Ní dhéanann siad aon difear do bhrí an Chonartha seo. Mura sonraítear a mhalairt:

1.2.1 Ciallaíonn tagairtí do sceidil na sceidil den Chonradh seo (lena n-áirítear gach mír laistigh den Sceideal lena mbaineann);

1.2.2 Ciallaíonn tagairtí do chlásail na clásail i Sceideal 3 den Chonradh seo;

1.2.3 Ciallaíonn tagairtí do chodanna codanna i Sceideal 3 den Chonradh seo (lena n-áirítear gach Clásal laistigh den Chuid lena mbaineann); agus

1.2.4 Ciallaíonn tagairtí do mhíreanna na míreanna atá sa Sceideal atá i gceist (seachas Sceideal 3) nó (sa chás go bhfuil níos mó ná cuid amháin ann sa Sceideal atá i gceist) an chuid den Sceideal ina bhfuil an tagairt.

Sa chás go dtiocfaidh aon neamhréireacht nó coimhlint chun cinn idir na Clásail agus na Míreanna, is ag na Clásail a bheidh an tosaíocht.

**1.3 Léirmhíniú Ginearálta**

Sa chás go gceadaíonn an comhthéacs amhlaidh, áirítear leis an uimhir uatha an uimhir iolra agus vice versa agus, i gcás focal a bhfuil inscne leo, áireofar an inscne eile leo. Aon tagairt d'aon reachtaíocht, áirítear léi aon athrú, aon leasú, aon athachtú, aon leathnú nó aon chomhdhlúthú ar an reachtaíocht, mar aon le haon reachtaíocht thánaisteach arna déanamh fúithi atá i bhfeidhm de thuras na huaire. Níl sé i gceist go léifear téarmaí amhail "lena n-áirítear", "go háirithe", "amhail" agus "mar shampla" mar théarmaí uileghabhálacha ná go gcuirfidh siad teorainn le coitiantacht na bhforálacha lena mbaineann siad agus, ina ionad sin, d'fhéadfadh siad í a leathnú. Aon oibleagáid a leagfar sa Chonradh seo ar an gConraitheoir gan gníomh nó rud a dhéanamh, meastar go n-áirítear léi oibleagáid gan déanamh an ruda sin a cheadú nó gan ligean do dhéanamh an ruda sin, de réir mar a bheidh. Ní léirmhíneofar an Conradh seo *contra proferentem*. Aon toimhdí, aon rabhaidh, aon

choinníollacha nó aon nithe den chineál céanna atá san Iarratas, níl aon éifeacht leo agus tá siad eisiata ón gConradh.

## 2 CUID 2.0 – DEIMHNITHE AGUS BARÁNTAÍ

**2.1** Déanann an Conraitheoir faoin gConradh seo an méid seo a leanas a bharántú, a ionadú, a aontú agus a dheimhniú:

2.1.1 fuair sé gach Toiliú agus cloífidh sé go hiomlán leo;

2.1.2 chuaigh an Coimisiún isteach sa Chonradh seo bunaithe ar na huiríll, ar an ráiteas agus ar na barántaí atá sa Chonradh seo agus san Iarratas;

2.1.3 is fíor, bailí, ceart, iomlán agus cruinn atá na huiríll, na ráitis agus na barántaí atá san Iarratas agus an fhaisnéis ar fad a chuir an Conraitheoir faoi bhráid an Choimisiúin nó a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin thar ceann an Chonraitheora i dtaca leis an gConradh seo agus leis an Iarratas, agus níl na huiríll, na ráitis agus na barántaí sin míthreorach ach oiread;

2.1.4 is ionann an Buiséad agus meastachán cruinn iomlán ar chostas iomlán an Tionscadail, agus áirítear leis soláthar leordhóthanach do gach speansas, lena n-áirítear, gan teorainn, ceadúnais eile agus muirir úis;

2.1.5 is ionann an Plean Maoiniúcháin agus cuntas cruinn iomlán ar an dóigh a bhfuil sé beartaithe an Tionscadal a mhaoiniú, agus deimhnítear ann nach ndearnadh aon ghealltanas tríú páirtí dá dtagraítear ann a athrú ná a tharraingt siar;

2.1.6 is iad na Cómhaoinitheoirí atá sainaitheanta i Sceideal 5 na haon Chómhaoinitheoirí atá ag an Tionscadal, agus is cóipeanna fíora, iomlána agus cruinne iad na cóipeanna de na Conarthaí Maoiniúcháin a soláthraíodh don Choimisiún;

2.1.7 ní sháraíonn déanamh, críochnú ná saothrú an Tionscadail seo ag an gConraitheoir, ná an dóigh a gcomhlíonfaidh an Conraitheoir a oibleagáidí eile faoin gConradh seo, de réir mar is fearr is eol don Chonraitheoir, mar a cuireadh i bhfios dó agus mar a chreideann sé agus tar éis dó gach fiosrú cuí dícheallach a dhéanamh, aon cheart atá cosanta leis an dlí de chuid aon duine, lena n-áirítear, gan teorainn, aon cheart cóipchirt, aon cheart trádmhairc nó aon cheart chun príobháideachta;

2.1.8 níor thionscain aon duine imeachtaí dlíthiúla in aghaidh an Chonraitheora ná, de réir mar is fearr is eol don Chonraitheoir, in aghaidh aon duine eile, lena gcaitear amhras ar an gceart atá ag an gConraitheoir an Tionscadal a dhéanamh agus a shaothrú nó lena gcaitear amhras ar an gceart atá ag an gConraitheoir a oibleagáidí eile faoin gConradh seo a chomhlíonadh, agus níor bhagair aon duine eile imeachtaí den sórt sin a thionscnamh;

2.1.9 tá saineolas ag an gConraitheoir ar gach réimse a bhaineann le seirbhísí, le hoibreacha, le cúraimí, le dualgais agus le feidhmeanna a chur i gcrích atá cosúil, ó thaobh cineáil, scála, tábhachta agus castachta de, leis an Tionscadal, agus tá sé láninniúil sna réimsí sin;

2.1.10 tá ag an gConraitheoir an pearsanra, an saineolas, an trealamh agus na hacmhainní ar fad a theastaíonn chun a oibleagáidí faoin gConradh seo a chomhlíonadh in am agus de réir an Chonartha seo;

2.1.11 tá dea-sheasamh airgeadais ag an gConraitheoir agus coinneoidh sé caipiteal oibre leordhóthanach, agus beidh maoiniú leordhóthanach ar fáil aige, chun an Tionscadal a dhéanamh agus a chríochnú de réir an Chonartha seo;

2.1.12 sa chás gur cuideachta é an Conraitheoir, tá, agus beidh sé ar feadh an téarma ar fad, ina chuideachta atá eagraithe go cuí, atá ann go bailí agus ag a bhfuil dea-sheasamh faoi dhlíthe na hÉireann agus tá ag an gConraitheoir an chumhacht, an cumas agus an t-údarás iomlán chun dul isteach sa Chonradh seo agus a oibleagáidí faoin gConradh seo a chomhlíonadh;

2.1.13 sa chás gur duine aonair nó eintiteas neamhchorparáideach é an Conraitheoir, tuigeann an Conraitheoir go hiomlán a oibleagáidí de bhun an Chonartha seo agus tá ag an gConraitheoir an cumas agus an t-údarás ar fad a theastaíonn chun dul isteach sa Chonradh seo agus is féidir leis a oibleagáidí faoin gConradh seo a chomhlíonadh go dlíthiúil agus déanfaidh sé amhlaidh;

2.1.14 maidir le forghníomhú agus comhlíonadh an Chonartha seo ag an gConraitheoir, níl siad ar neamhréir le haon chonradh ná le haon chomhaontú d'aon chineál a bhfuil an Conraitheoir ina pháirtí ann ná le haon Toiliú, le haon bhreithiúnas, le haon ordú ná le haon dlí is infheidhme i leith an Chonraitheora nó a shócmhainní ná ní ionann iad agus sárú nó mainneachtain faoi aon chonradh ná faoi aon chomhaontú den sórt sin ná faoi aon Toiliú, faoi aon bhreithiúnas, faoi aon ordú ná faoi aon dlí is infheidhme i leith an Chonraitheora nó a shócmhainní;

2.1.15 sa chás gur cuideachta é an Conraitheoir, rinne sé gach gníomh corparáideach is riachtanach agus is ceart chun é a chumasú go dlíthiúil dul isteach sa Chonradh seo agus a oibleagáidí faoin gConradh a chomhlíonadh;

2.1.16 níl aon chaingne ná aon imeachtaí ar feitheamh nó bagartha os comhair aon chúirte ná aon údaráis riaracháin nó rialála ná aon ghníomhaireachta a d'fhéadfadh dochar ábhartha a dhéanamh do ghnó nó d'oibríochtaí an Chonraitheora;

2.1.17 níl an Conraitheoir ar an eolas faoi aon ní, faoi aon choinbhleacht ná faoi aon chúinse a d'fhéadfadh é a shrianadh ó dhul isteach sa Chonradh seo nó a chomhlíonadh, nó a d'fhéadfadh bac a chur air déanamh amhlaidh, nó a d'fhéadfadh difear ábhartha a dhéanamh don chinneadh ón gCoimisiún dul isteach sa Chonradh seo leis an gConraitheoir;

2.1.18 tugadh fógra i scríbhinn don Choimisiún roimh dháta an Chonartha seo faoi aon leas inchláraithe, de réir bhrí an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, a bhaineann leis an gConraitheoir, leis an gCoimisiún, nó le fostaithe de chuid ceachtar díobh, nó lena gcuid gaolta;

2.1.19 ní dhearna an Conraitheoir aon bhronntanas ná aon chomaoin d'aon chineál a thairiscint ná a thabhairt d'aon chomhairleoir, d'aon oifigeach ná d'aon

fhostaí de chuid an Choimisiúin mar dhreasacht ná mar luach saothair i dtaca leis an gConradh seo ná leis an bpróiseas iarratais a bhaineann leis, ná níor aontaigh an Conraitheoir aon bhronntanas ná aon chomaoin den sórt sin a thabhairt dóibh ina leith;

2.1.20 rinne an Conraitheoir é féin a shásamh maidir le cineál agus le méid iomlán na rioscaí agus na n-oibleagáidí atá ag gabháil leis an gConradh seo;

2.1.21 tá an Conraitheoir eolach go hiomlán ar gach Dlí ábhartha (lena n-áirítear Acht 2009 agus, nuair is infheidhme, Acht na gCuideachtaí, 2014) agus cloífidh sé go hiomlán leo le linn dó a oibleagáidí faoin gConradh a chomhlíonadh;

2.1.22 níl an Conraitheoir ag fáil aon fhoinsí eile maoiniúcháin don Tionscadal agus ní bhfaighidh sé aon fhoinsí eile maoiniúcháin den sórt sin gan cead roimh ré i scríbhinn a fháil ón gCoimisiún; agus

2.1.23 rinne an Conraitheoir nochtadh iomlán don Choimisiún de mheon lánmhaith maidir leis na fíricí uile atá ar eolas aige agus ar dóigh dóibh difear ábhartha a dhéanamh do chinneadh ón gCoimisiún tacú le déanamh an Tionscadail ar an mbealach atá leagtha amach sa Chonradh seo.

**2.2** Tabharfaidh an Conraitheoir fógra iomlán i scríbhinn láithreach faoi aon athruithe in eachtraí nó i gcúinsí a bhaineann nó atá nasctha ar aon bhealach le haon cheann de na deimhnithe atá tugtha i gClásal 2.1 nó a fhágann go bhfuil na deimhnithe sin bréagach nó míthreorach ar aon slí.

## 3 CUID 3.0 - DEONTAS

### 3.1 An Deontas

3.1.1 Is mian leis an gConraitheoir an Tionscadal a chur i gcrích. Ní chuirfear an Deontas ar fáil ach amháin chun cabhrú leis an gConraitheoir an Tionscadal a dhéanamh agus a chríochnú.

3.1.2 Mar chúiteamh ar an Deontas a fháil, ní mór don Chonraitheoir an Tionscadal a chur i gcrích faoi réir agus de réir an Chonartha seo. Ní mór don Chonraitheoir fógra i scríbhinn a thabhairt láithreach don Choimisiún sa chás go gcinnfidh sé gan an Tionscadal a chur i gcrích ionas go bhféadfaidh an Coimisiún na cistí Deontais a leithdháileadh chun críocha eile. Sa chás sin, ní mór don Chonraitheoir aon suimeanna ar íoc an Coimisiún leis roimhe sin de bhun an Chonartha seo a aisíoc ina n-iomláine láithreach leis an gCoimisiún.

3.1.3 Ní bheidh aon chuid den Deontas iníoctha leis an gConraitheoir ach amháin a luaithe a bheidh gach Réamhchoinníoll comhlíonta chun sástacht an Choimisiúin. Tiocfaidh an Conradh i bhfeidhm de réir Chlásal 13.4, fiú amháin sa chás nach bhfuil gach ceann de na Réamhchoinníollacha comhlíonta ag an dáta sin.

3.1.4 Aontaíonn an Coimisiún, faoi réir Chlásal 3.1.3, an Deontas a íoc leis an gConraitheoir, agus aontaíonn an Conraitheoir gan an Deontas a úsáid ach amháin faoi réir agus de réir an Chonartha seo.

## 3.2 Úsáid an Deontais

Is don Tionscadal amháin a úsáidfidh an Conraitheoir an Deontas, agus ní chun aon chríche eile.

## 3.3 Tráthchodanna Deontais

3.3.1 Íocfaidh an Coimisiún gach Tráthchuid Deontais leis an gConraitheoir laistigh de 15 lá ón Ábhar Seachadta comhfhreagrach a fháil (i bhfoirm a bheidh sásúil don Choimisiún) mar atá leagtha amach sa Phlean Íocaíochta Deontais,

3.3.2 i ngach cás agus ar an gcoinníoll:

3.3.2.1 go bhfuair an Coimisiún iarraidh i scríbhinn ón gConraitheoir go n-íocfaí an Tráthchuid Deontais ábhartha, in éineacht le Deimhniú bailí agus cothrom le dáta maidir le hImréiteach Cánach;

3.3.2.2 gur chuir an Conraitheoir an tÁbhar Seachadta ábhartha isteach faoin Dáta Seachadta ábhartha agus chun sástacht an Choimisiúin;

3.3.2.3 go soláthraíonn an Conraitheoir don Choimisiún cibé faisnéis a éileoidh an Coimisiún mar réamhchoinníoll maidir leis an Tráthchuid Deontais a íoc;

3.3.2.4 go gcomhlíonann an Conraitheoir cibé nósanna imeachta a bhaineann le deontais a éileamh a thabharfaidh an Coimisiún isteach iad ó am go chéile; agus

3.3.2.5 gur deimhin leis an gCoimisiún go bhfuil an Conraitheoir ag comhlíonadh an Chonartha seo ina iomláine.

3.3.3 Má sháraíonn an Conraitheoir aon fhoráil den Chonradh seo, ní bheidh aon oibleagáid ar an gCoimisiún freastal ar éileamh ón gConraitheoir go n-íocfaí an Deontas ar fad nó aon chuid de.

3.3.4 Íocfaidh an Coimisiún aon Tráthchuid Deontais nó ceadóidh sé aon Ábhar Seachadta nó glacfaidh sé le haon Ábhar Seachadta gan dochar do chearta agus do bhearta leighis an Choimisiúin agus ní thabharfaidh an méid sin le fios go bhfuil an Conraitheoir ag comhlíonadh an Chonartha seo.

3.3.5 Ní bheidh aon oibleagáid ar an gCoimisiún aon íocaíocht a dhéanamh leis an gConraitheoir sa chás, i dtuairim réasúnach an Choimisiúin, nár seachadadh nó nach ndearnadh an Tionscadal, aon Aschur Tionscadail nó aon Ábhar Seachadta go suntasach ar an mbealach a bhforáiltear dó san Iarratas agus sa Chonradh seo.

3.3.6 Measfar go nglacfar leis an Tuarascáil Deiridh nuair a sheachadfar an Tuarascáil Deiridh chuig an gCoimisiún agus nuair a ghlacfaidh an Coimisiún i scríbhinn leis an Tuarascáil Deiridh. Ní dhéanfaidh glacadh leis an Tuarascáil

Deiridh aon difear ná aon dochar do chearta ná do bhearta leighis an Choimisiúin faoin gConradh seo ná ar shlí eile.

## 4 CUID 4.0 – AN TIONSCADAL

### 4.1 An Tionscadal

4.1.1 Geallann an Conraitheoir go ndéanfaidh sé an Tionscadal, agus go gcríochnóidh sé iad, faoi réir agus de réir fhorálacha an Chonartha seo, na dtograí atá leagtha amach ina Iarratas agus sa Phlean Tionscadail, agus Tuarascálacha a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina leith.

4.1.2 Níl an Coimisiún freagrach ar aon bhealach as cáilíocht an Tionscadail chríochnaithe agus níl aon oibleagáidí air i ndáil leis an Tionscadal ná leis an Taighde, seachas an Deontas a íoc faoi réir agus de réir an Chonartha seo.

4.1.3 Cuirfidh an Conraitheoir an Tionscadal i gcrích de réir an chaighdeáin ghairmiúil is airde agus cinnteoidh an Conraitheoir go seachadfar an Tionscadal agus an Taighde de réir an chaighdeáin ghairmiúil is airde ó thaobh cáilíochta agus cur i láthair de.

4.1.4 Admhaíonn an Conraitheoir go bhfuil an Príomhphearsanra riachtanach chun tabhairt faoin Tionscadal agus é a chur i gcrích. Sa chás nach mbeidh aon duine den PhríomhPhearsanra in ann tabhairt faoin Tionscadal agus é a chur i gcrích ar chúis ar bith, cuirfidh an Conraitheoir an Coimisiún ar an eolas láithreach i scríbhinn faoi neamhábaltacht aon Phríomhphearsanra den sórt sin agus cuirfear duine a bhfuil taithí agus saineolas coibhéiseach aige in ionad an duine sin. **("Pearsanra Athsholáthair"**). Soláthróidh an Conraitheoir don Choimisiún cibé sonraí a theastóidh le réasún ón gCoimisiún i scríbhinn maidir le haon Phearsanra Athsholáthair. Beidh lánrogha ag an gCoimisiún maidir le hoiriúnacht aon Phearsanra Athsholáthair a bheartaítear.

4.1.5 Deimhneoidh an Conraitheoir go mbeidh an Bainisteoir Tionscadail ar fáil chun dul i gcomhairle leis an gCoimisiún i ndáil le dul chun cinn an Tionscadail agus cuirfidh sé cibé faisnéis a bhaineann leis an Tionscadal a éileoidh an Coimisiún ó am go chéile ar fáil ar bhealach tráthúil. Ní athróidh an Conraitheoir an Bainisteoir Tionscadail gan cead roimh ré i scríbhinn a fháil ón gCoimisiún.

4.1.6 Admhaíonn agus aontaíonn an Conraitheoir go rachaidh an Conraitheoir isteach sa Chonradh seo agus go ndéanfaidh sé an Tionscadal ar a phriacal féin agus nach mbeidh sé i dteideal aon tacaíocht airgeadais (seachas íoc an Deontais faoi réir agus de réir an Chonartha seo) ná aon tacaíocht eile a fháil ón gCoimisiún i ndáil le déanamh agus le críochnú an Tionscadail ag an gConraitheoir agus i ndáil lena oibleagáidí faoin gConradh seo nó ar shlí eile a chomhlíonadh.

## 4.2 Na Gealltanais Tionscadail

4.2.1 Déanann an Conraitheoir a bharántú, a ionadú agus a aontú go ndéanfaidh sé na nithe seo a leanas:

4.2.1.1 an Tionscadal a dhéanamh agus a chríochnú faoi réir agus de réir an Phlean Tionscadail agus na dtograí ina Iarratas;

4.2.1.2 cloí le gach Dlí agus le gach treoir agus ordú réasúnach ón gCoimisiún, agus gach Toiliú a fháil maidir leis an Tionscadal a dhéanamh agus a chríochnú agus cloí leis na Toilithe sin;

4.2.1.3 an Tionscadal a dhéanamh agus a chríochnú leis an scil, leis an gcúram, leis an dícheall agus leis an ngairmiúlacht ar fad a theastaíonn agus iad a dhéanamh agus a chríochnú ar bhealach tráthúil, éifeachtúil agus sábháilte agus de réir na gcaighdeán tionscail is airde;

4.2.1.4 an Tionscadal a dhéanamh agus a chríochnú trí úsáid a bhaint as pearsanra ag a bhfuil na scileanna, an saineolas, an taithí, an oiliúint agus na cáilíochtaí a theastaíonn;

4.2.1.5 úsáid a bhaint as a Phríomhphearsanra i gcónaí chun an Tionscadal a dhéanamh agus a chríochnú, agus rochtain a thabhairt don Choimisiún (nó dá ainmnithe) ar gach duine den Phríomhphearsanra ag cibé amanna a éileoidh sé iad;

4.2.1.6 aon bhall den Phríomhphearsanra nó aon duine eile a bhfuil baint aige leis an Tionscadal a dhéanamh a bhaint agus duine eile a chur ina áit go pras agus chun sástacht an Choimisiúin nuair a iarrann an Coimisiún amhlaidh i scríbhinn sa chás go measann sé an duine sin a bheith míshásúil nó neamh-inmhianaithe ar fhoras réasúnach;

4.2.1.7 gan aon rud a dhéanamh (i dtaca leis an gConradh seo nó i dtaca le haon ghníomhaíochtaí nó le haon ghnó eile de chuid an Chonraitheora) a mbeidh, nó a bhféadfadh go mbeadh, tionchar diúltach aige ar íomhá nó ar cháil an Choimisiúin, an Chonraitheora agus/nó an Tionscadail nó a tharraingeoidh míchlú ar aon cheann díobh ar shlí eile, agus gan déanamh rudaí den sórt sin a cheadú ná ligean dá ndéanamh;

4.2.1.8 bainfidh an Conraitheoir luach ar airgead amach sa dóigh a n-úsáidfidh sé an Deontas agus, nuair is féidir, ceannóidh sé na hearraí agus na seirbhísí go léir i gcomhréir le foilseachán na hOifige um Sholáthar Rialtais dar teideal "*Public Procurement Guidelines for Goods and Services*".

Coimisiún na Meán

## 4.3 Nochtadh

Déanfaidh an Conraitheoir nochtadh pras i scríbhinn don Choimisiún maidir le haon fhíric a dtiocfaidh sé ar an eolas fúithi sa chás go bhféadfadh an fhíric sin difear ábhartha a dhéanamh do chumas an Chonraitheora a oibleagáidí faoin gConradh seo a chomhlíonadh nó sa chás go bhféadfadh an Conraitheoir mainneachtain a oibleagáidí faoin gConradh seo a chomhlíonadh dá barr.

## 4.4 Creidiúint

Ionas go mbeidh foinse an mhaoiniúcháin phoiblí le feiceáil go soiléir, déanfaidh an Conraitheoir, ar bhealach a bheidh sásúil don Choimisiún, a thaispeáint ar bhealach feiceálach, soiléir agus inléite ar gach ábhar fógraíochta, ar gach suíomh Gréasáin agus ar gach ábhar poiblíochta a bhaineann in aon slí leis an Tionscadal nó le saothrú an Aschuir Thionscadail, preaseisiúintí ina measc, gur mhaoinigh an Coimisiún an Tionscadal faoin Scéim. Gheobhaidh an Conraitheoir cead roimh ré i scríbhinn ón gCoimisiún maidir le haon phoiblíocht nó le haon ábhair den sórt sin, lena n-áirítear maidir lena bhfuil sna nithe sin agus le láthair, le méid, le dath agus le feiceálacht na nithe sin, i measc nithe eile.

## 4.5 Cearta Tríú Páirtí

Le linn dó an Tionscadal a dhéanamh agus a chríochnú nó le linn dó a oibleagáidí faoin gConradh seo a chomhlíonadh, ní sháróidh an Conraitheoir, de réir mar is fearr is eol don Chonraitheoir, mar a cuireadh i bhfios dó agus mar a chreideann sé agus tar éis dó gach fiosrú cuí dícheallach a dhéanamh, aon cheart atá cosanta leis an dlí de chuid aon duine, lena n-áirítear, gan teorainn, aon cheart cóipchirt, aon cheart trádmhairc nó aon cheart chun príobháideachta.

## 4.6 Cearta Poiblíochta an Choimisiúin

Féadfaidh an Coimisiún, ar cibé bealach agus a mhéid a mheasann sé a bheith cuí, a phoibliú gurb é an Coimisiún a mhaoinigh an Tionscadal faoin Scéim, agus aontaíonn an Conraitheoir go bhféadfaidh an Coimisiún an Tionscadal agus ábhar poiblíochta a bhaineann leis an Tionscadal a úsáid chun críocha poiblíochta den sórt sin. Gan dochar dá bhfuil roimhe seo, poibleoidh an Conraitheoir an fhíric gur mhaoinigh an Coimisiún an Tionscadal faoin Scéim agus déanfaidh sé amhlaidh i cibé foirm a sholáthróidh an Coimisiún don Chonraitheoir.

## 4.7 Comhairliúchán

Déanfaidh an Conraitheoir, arna iarraidh sin, páirt a ghlacadh go pras, de mheon macánta agus ar bhealach suntasach in aon chomhairliúchán i dtaca leis an Scéim a dtugann an Coimisiún faoi ó am go chéile.

## 4.8 Sárú a Réiteach

Má mheasann an Coimisiún nach bhfuiltear ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá leagtha amach sa Chonradh seo, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don Chonraitheoir faoin bhfíric sin agus tabharfaidh an Conraitheoir freagra i scríbhinn d’fhógra den sórt sin laistigh de cheithre lá dhéag (14), ina leagfar amach na bearta (más ann) a bheartaíonn an Conraitheoir a chur chun feidhme chun an sárú líomhnaithe a

réiteach. Féadfaidh an Coimisiún faisnéis bhreise a iarraidh ón gConraitheoir. Cuirfidh an Conraitheoir an fhaisnéis sin ar fáil go tráthúil agus tráth nach déanaí i gcás ar bith ná ceithre lá dhéag (14) ó iarraidh den sórt sin a fháil. Mar mhalairt air sin, féadfaidh sé cruinniú leis an gConraitheoir a iarraidh chun an freagra ón gConraitheoir a phlé. Tar éis dó an freagra iomlán ón gConraitheoir a bhreithniú, féadfaidh an Coimisiún an méid seo a dhéanamh trí bhíthin fógra a thugtar don Chonraitheoir:

4.8.1 a chead a thabhairt do na bearta a bheartaíonn an Conraitheoir a chur chun feidhme agus do na bearta sin a chuirfidh an Conraitheoir chun feidhme nó, mura mbeartaíonn an Conraitheoir bearta a chur chun feidhme, a chead a thabhairt ina leith sin; nó

4.8.2 fógra a thabhairt don Chonraitheoir ina luaitear go bhfuiltear ag sárú an Chonartha seo agus ina sonraítear tréimhse, ar tréimhse í nach lú ná 21 lá ón dáta a tugadh an fógra sin, nach mór don Chonraitheoir an sárú sin a réiteach lena linn.

## 5 CUID 5.0 - MAOIN INTLEACHTÚIL

### 5.1 Úinéireacht

Na Cearta Maoine Intleachtúla (IPR) go léir in aon ábhair nó maidir le haon ábhair a thugann an Coimisiún, a chuid ionadaithe nó a chuid fochonraitheoirí don Chonraitheoir go díreach nó go hindíreach, is leis an gCoimisiún nó lena chuid ceadúnóirí go huile iad.

### 5.2 Maoin Intleachtúil – Gan Sárú

Barántaíonn agus geallann an Conraitheoir don Choimisiún nach go feasach a dhéanfar na Cearta Maoine Intleachtúla nó aon chearta eile atá ag aon tríú páirtí a shárú trí thabhairt faoin tionscadal agus tríd an tionscadal a dhéanamh agus go ndeonófar don Choimisiún aon cheadúnas den sórt sin a d’fhéadfadh a bheith riachtanach chun cur ar chumas an Choimisiúin Aschur an Tionscadail a shaothrú, i gcás inarb infheidhme.

### 5.3 Maoin Intleachtúil – Slánaíocht

Slánaíonn an Conraitheoir leis seo an Coimisiún, agus slánóidh sé an Coimisiún go hiomlán agus go héifeachtach, agus beidh clásal séanta ina leith in aghaidh na dteideal, na bhfíneálacha, na ndamáistí, n-éileamh, na gcaillteanas, na ndliteanas, na speansas agus na gcostas uile, lena n-áirítear costais dlí, a thabhaíonn an Coimisiún nó a chuid stiúrthóirí, oifigeach, fostaithe, gníomhairí, conraitheoirí agus ceadúnaithe a eascraíonn as sárú nó sárú líomhnaithe aon Cheart Maoine Intleachtúla nó aon cheart eile atá ag aon tríú páirtí arna dhéanamh ag an gConraitheoir agus é ag cur an Tionscadail i gcrích.

# 6 CUID 6.0 - FAIREACHÁN

## 6.1 Rochtain

Ní mór don Chonraitheoir:

6.1.1 an Coimisiún a choinneáil ar an eolas go hiomlán faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ar an Tionscadal;

6.1.2 a sholáthar don Choimisiún cibé faisnéis a bhaineann leis an Tionscadal agus/nó le húsáid an Deontais (lena n-áirítear admhálacha agus fianaise eile caiteachais) a éileoidh sé go réasúnach ó am go chéile trí bhíthin fógra i scríbhinn a thabhairt;

6.1.3 rochtain a chur ar fáil agus a dheonú don Choimisiún am ar bith, tar éis fógra réasúnach a fháil, ar thuarascálacha (lena n-áirítear na tuarascálacha go léir atá tuairiscithe i Sceideal 1) i bhfoirm a bheidh ceadaithe ag an gCoimisiún, ar dhoiciméid agus ar na fuaimeanna agus na híomhánna taifeadta go léir a bhaineann leis an Tionscadal;

6.1.4 rochtain a thabhairt don Choimisiún am ar bith, tar éis fógra réasúnach a fháil, ar a áitreabh agus ar aon áitreabh eile ina bhfuil gníomhaíochtaí a bhaineann leis an Tionscadal ar siúl nó ina bhféadfadh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an Tionscadal bheith ar siúl;

6.1.5 freastal ar chruinnithe a thionólfaidh an Coimisiún, tar éis fógra réasúnach a fháil, chun plé a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an Tionscadal agus ar úsáid an Deontais, a áirithiú go bhfreastalóidh aon fhochonraitheoir orthu agus a dhícheall a dhéanamh a áirithiú go bhfreastalóidh gach duine eile atá bainteach leis an Tionscadal ar na cruinnithe sin arna iarraidh sin ag an gCoimisiún; agus

6.1.6 na cóipeanna sin de dhoiciméid a bhaineann leis an gConraitheoir, le haon fhochonraitheoir, leis an Deontas agus/nó leis an Tionscadal mar atá tuairiscithe i litir éilimh a chur ar fáil don Choimisiún laistigh de sheacht lá ón dáta a fhaigheann sé litir éilimh den sórt sin ón gCoimisiún faoi Chlásal 6.1.2.

## 6.2 Athrú Stádais

6.2.1 Beidh an Conraitheoir ag sárú a oibleagáidí faoin gConradh seo má tá athrú ann san fhaisnéis i nDeimhniú Rúnaí, ach amháin sa chás gur thug an Coimisiún a chead roimh ré don athrú sin.

6.2.2 Déanfaidh an Conraitheoir, trí bhíthin fógra i scríbhinn a thabhairt don Choimisiún, cead roimh ré i scríbhinn a iarraidh ón gCoimisiún maidir le haon ghníomh nó neamhghníomh ag an gConraitheoir nó ag tríú páirtí as a n-eascródh athrú san fhaisnéis atá leagtha amach i nDeimhniú Rúnaí an Chonraitheora. Tabharfaidh an Coimisiún freagra ar aon iarraidh den sórt sin laistigh de 60 lá ón dáta a thugtar an fógra sin dó.

## 6.3 Meastóireacht

Comhoibreoidh agus cabhróidh an Conraitheoir leis an gCoimisiún in aon mheastóireacht ar an Tionscadal nó ar úsáid an Deontais a fhéadfaidh an Coimisiún a dhéanamh ó am go chéile.

# 7 CUID 7.0 - CÚRSAÍ AIRGEADAIS

## 7.1 Úsáid Cistí

7.1.1 Is don Tionscadal amháin a úsáidfidh an Conraitheoir an Deontas, agus ní chun aon chríche eile.

7.1.2 Cinnteoidh an Conraitheoir go mbeidh gach costas arna dtabhú sa Tionscadal ag teacht leis na costais mheasta atá leagtha amach sa Bhuiséad agus nach sáróidh siad iad.

7.1.3 Admhaíonn agus aontaíonn an Conraitheoir nach bhfuil CBL ina costas incháilithe ach amháin sa chás nach féidir leis an iarratasóir CBL a athéileamh agus go gcuireann an Conraitheoir deimhniú ó na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil don Choimisiún á rá gurb amhlaidh atá.

7.1.4 Slánaíonn agus slánóidh an Conraitheoir leis seo an Coimisiún in aghaidh gach dliteanais, costais, speansais, damáiste nó caillteanais a thabhaíonn an Coimisiún agus a thagann aníos mar gheall ar aon dliteanas CBL a eascraíonn as an Deontas nó a thagann aníos i ndáil leis.

## 7.2 Sócmhainní Tionscadail

Ní dhéanfaidh an Conraitheoir, gan cead roimh ré i scríbhinn a fháil ón gCoimisiún, aon ús, aon lian ná aon mhuirear (trí urrús nó ar shlí eile) a dheonú d’aon tríú páirtí i leith aon sócmhainní, aon bhonneagair nó aon trealaimh, nó tharstu siúd, a bhaineann leis an Tionscadal nó a n-úsáidtear ina leith nó a ceannaíodh tríd an Deontas a úsáid.

## 7.3 Cuntas Bainc

7.3.1 Mura n-aontaíonn an Coimisiún a mhalairt i scríbhinn, osclóidh an Conraitheoir cuntas bainc ar leith le haghaidh an Deontais i mbanc atá ceadaithe ag an gCoimisiún.

7.3.2 Taiscfear gach Tráthchuid Deontais sa Chuntas Bainc ar an gcéad dul síos agus coinneofar sa Chuntas Bainc i gcónaí í ach amháin sa chás agus go dtí go n-úsáidfear í chun costais a thabhaigh agus a d’íoc an Conraitheoir agus é ag tabhairt faoin Tionscadal a ghlanadh.

7.3.3 Geallann agus deimhníonn an Conraitheoir go mbeidh gach íocaíocht a dhéanfar ón gCuntas Bainc ag teacht leis an mBuiséad agus leis an sreabhadh airgid don Tionscadal.

**7.4 Ráitis Bhainc**

Sa chás go n-éileoidh an Coimisiún ar an gConraitheoir an Cuntas Bainc a oscailt, déanfaidh an Conraitheoir ráitis iomlána bhainc (gan eagar ná atheagrú) i leith an Chuntais Bhainc a chur ar fáil don Choimisiún laistigh de sheacht (7) lá ó aon iarraidh i scríbhinn a fhéadfaidh an Coimisiún a dhéanamh ó am go chéile a fháil.

**7.5 Leabhair agus Taifid**

De réir an dea-chleachtais, coinneoidh an Conraitheoir taifid chuí ar na fáltais agus ar an gcaiteachas ar fad a bhaineann leis an Tionscadal agus le haon úsáid a bhaintear as an Deontas, coimeádfaidh sé na taifid sin agus coimeádfaidh sé gach doiciméad a bhaineann leis na fáltais agus leis an gcaiteachas sin ar feadh théarma an Chonartha agus ar feadh tréimhse sé bliana dar tosach an dáta a théann an Conradh seo as feidhm nó a fhoirceanntar an Conradh seo.

**7.6 Cuntais Deiridh**

7.6.1 Áiritheoidh an Conraitheoir gurb é Duine Cáilithe a ullmhaíonn na Cuntais Deiridh.

7.6.2 Beidh ráiteas costais deiridh don Tionscadal ar áireamh sna Cuntais Deiridh faoi réir Chlásal 7.7 agus leagfar na nithe seo amach iontu gan teorainn:

7.6.2.1 an cur síos ar gach mír líne mar atá leagtha amach sa Bhuiséad;

7.6.2.2 an costas ar gach mír líne mar atá leagtha amach sa Bhuiséad;

7.6.2.3 an méid a caitheadh ar gach ceann de na míreanna líne sin go Críochnú an Tionscadail; agus

7.6.2.4 an méid (más ann) atá an méid a caitheadh ar gach mír líne difriúil ar Chríochnú an Tionscadail leis an méid a cuireadh ar fáil le haghaidh na míre líne sin sa Bhuiséad.

7.6.3 Áiritheoidh an Conraitheoir go ndéanfar na Cuntais Deiridh a ullmhú agus a chur i láthair de réir na dtreoirlínte scríofa sin a eiseoidh an Coimisiún ó am go chéile.

**7.7 Iniúchadh**

Féadfaidh duine atá ainmnithe i scríbhinn ag an gCoimisiún chun críche den sórt sin iniúchadh a dhéanamh ar an Tionscadal agus/nó ar na Cuntais Deiridh am ar bith, tar éis fógra réasúnach a thabhairt, agus maidir leis sin, féadfaidh sé, gan teorainn, na leabhair chuntais, na taifid airgeadais, na conarthaí, na hadmhálacha, na ráitis bhainc agus na nithe agus na sonraí ábhartha eile de chuid an Chonraitheora a iniúchadh agus cóipeanna a dhéanamh díobh. Comhoibreoidh an Conraitheoir leis an duine sin agus, tabharfaidh sé don duine sin, gan teorainn, an rochtain ar fad agus na hábhair go léir a fhéadfaidh sé a iarraidh ón gConraitheoir i scríbhinn agus tabharfaidh sé freagra ar fhiosruithe scríofa den sórt sin a fhéadfaidh an duine sin a dhéanamh.

Coimisiún na Meán

## 7.8 Róchaiteachas

Ní bheidh aon oibleagáid ar an gCoimisiún aon airgead atá de bhreis ar an Deontas a thairiscint don Chonraitheoir más mó costais an Tionscadail ná an méid a ndearnadh soláthar dó sa Bhuiséad.

## 7.9 Tearc-chaiteachas

Más rud é gur lú na costais a thabhaigh an Conraitheoir tráth Chríochnú an Tionscadail ná méid iomlán an Deontais, féadfaidh an Coimisiún an Deontas a laghdú ionas gurb ionann an Deontas a íocadh leis an gConraitheoir agus an méid atá coibhéiseach leis na costais a thabhaigh an Conraitheoir i ndáiríre. Sa chás sin, déanfar oibleagáidí íocaíochta an Choimisiúin faoin gConradh seo a laghdú dá réir. Más rud é go bhfuair an Conraitheoir Tráthchodanna Deontais de bhreis ar na costais thabhaithe tráth Chríochnú an Tionscadail, aisíocfaidh an Conraitheoir leis an gCoimisiún méid an airgid Deontais a fuair sé de bhreis ar na costais thabhaithe.

## 7.10 Ráiteas Costais

Déanfaidh an Conraitheoir, gan teorainn, fógra a thabhairt don Choimisiún más léir ó aon doiciméad arna seachadadh chuig an gCoimisiún faoin gConradh seo go mbeidh Athrú ann.

# 8 CUID 8.0 – ATHRUITHE

## 8.1 Gnéithe Riachtanacha

Geallann an Conraitheoir go ndéanfaidh agus go gcríochnóidh sé an Tionscadal de réir gach ceann de na Gnéithe Riachtanacha den Tionscadal.

## 8.2 Athruithe ar na Gnéithe Riachtanacha

8.2.1 Tabharfaidh an Conraitheoir fógra pras i scríbhinn don Choimisiún ("**Fógra Athraithe**") maidir le haon eachtra nó sraith eachtraí nó cúinse nó sraith cúinsí a bheidh mar chúis nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le hathrú in aon Ábhar Soláthair, nó le moill ar aon Ábhar Soláthair, a theastaíonn i dtaca le haon Ghné Riachtanach den Tionscadal ("**Athrú**") a sholáthar.

8.2.2 Leagfar amach i bhFógra Athraithe na cúinsí a bheidh mar chúis nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le hAthrú in aon Ghné Riachtanach agus leis na bearta sin a bheartóidh an Conraitheoir a dhéanamh mar thoradh ar Athrú mar sin nó chun é a mhaolú.

8.2.3 Gan dochar do ghinearáltacht Chlásal 8.2.1, measfar athrú de chúig faoin gcéad (5%) nó níos mó in aon mhír líne den Bhuiséad a bheith ina athrú ar an mBuiséad chun críocha Chlásal 8.2.1 (cé is moite d'aon athrú de €250 nó níos lú, rud nach measfar a bheith ina athrú chun na críche sin).

## 8.3 Freagra an Choimisiúin ar Fhógra Athraithe

8.3.1 Tar éis na hábhair atá nochta i bhFógra Athraithe a mheas i bhfianaise na faisnéise ar fad atá aige, féadfaidh an Coimisiún na nithe seo a dhéanamh trí bhíthin fógra i scríbhinn a thabhairt don Chonraitheoir:

8.3.1.1 fógra a thabhairt don Chonraitheoir á rá gurb éard atá nó a bheidh san Athrú agus/nó sna bearta a bheartaíonn an Conraitheoir a dhéanamh maidir leis an Athrú (mar atá leagtha amach san Fhógra Athraithe) ná sárú ar an gConradh seo agus, má tharla sárú den sórt sin, an Conradh seo a fhoirceannadh trí fhógra a thabhairt don Chonraitheoir (ionas nach mbeidh aon Tráthchodanna Deontais sa bhreis iníoctha);

8.3.1.2 a chead a thabhairt do na bearta a bheartaíonn an Conraitheoir a dhéanamh maidir leis an Athrú mar atá leagtha amach san Fhógra Athraithe (agus na bearta a chuirfidh an Conraitheoir chun feidhme); agus/nó

8.3.1.3 treoracha a thabhairt don Chonraitheoir faoi na bearta ba cheart don Chonraitheoir a dhéanamh mar thoradh ar an Athrú (agus an treoir a gcloífidh an Conraitheoir léi).

# 9 CUID 9.0 - CINEÁLACHA ÁRACHAIS

## 9.1 Polasaithe

9.1.1 Gheobhaidh agus coinneoidh an Conraitheoir i gcónaí clúdach árachais i leith a ghníomhaíochtaí beartaithe agus iarbhír faoin gConradh seo agus faoin Tionscadal agus i dtaca leo sin de réir dea-chleachtas fónta tráchtála agus cuirfidh sé an Coimisiún ar áireamh mar pháirtí slánaithe i ngach polasaí árachais a ghlacfaidh an Conraitheoir ar an mbonn sin. Go háirithe, agus gan dochar do ghinearáltacht an méid sin roimhe seo, cuirfidh an Conraitheoir deimhniú i scríbhinn ar fáil don Choimisiún i bhfoirm a bheidh sásúil don Choimisiún go soláthraítear clúdach dóthanach leis na polasaithe árachais arna gcoimeád ag an gConraitheoir faoi láthair i leith a ghníomhaíochtaí beartaithe agus iarbhír faoin gConradh seo nó i dtaca leis (agus ar polasaithe iad ina gcuirfear ar áireamh na leibhéil íosta árachais atá leagtha amach thíos) nó gheobhaidh sé agus coinneoidh sé i gcónaí na leibhéil íosta árachais seo a leanas (ar choinníoll go bhféadfaidh an Coimisiún, dá lánrogha féin, treoir a thabhairt don Chonraitheoir na teorainneacha atá leagtha amach thíos a mhéadú agus go gcloífidh an Conraitheoir le gach treoir den sórt sin go pras):

9.1.1.1 dliteanas poiblí nach lú ná slánaíocht €7,500,000 maidir le gach uile éileamh;

9.1.1.2 dliteanas fostóra nach lú ná €13,000,000 maidir le gach uile éileamh; agus

9.1.1.3 árachas i leith aon sócmhainní inárachais, aon bhonneagair inárachais nó aon trealaimh inárachais arna cheannach/gceannach ag an gConraitheoir leis an Deontas nó arna úsáid/n-úsáid ag an

gConraitheoir i leith an Tionscadail suas go dtí a luach iomlán athsholáthair.

9.1.2 Faoi réir Chlásal 13.1.1, má fhostaíonn an Conraitheoir Fochonraitheoir i dtaca leis an Tionscadal, cinnteoidh sé go gclúdófar gníomhaíochtaí an Fhochonraitheora le polasaithe árachais an Chonraitheora, ar polasaithe iad a chloíonn leis na riachtanais atá leagtha amach i gClásal 9.1.1 thuas nó cinnteoidh sé go ndéanfaidh an Fochonraitheoir na leibhéil íosta árachais atá leagtha amach i gClásal 9.1.1 thuas a fháil agus a choinneáil.

9.1.3 Taispeánfaidh an Conraitheoir don Choimisiún, arna iarraidh sin, an polasaí árachais nó na polasaithe árachais thuas mar aon le fianaise shásúil go bhfuiltear ag íoc préimheanna. Cinnteoidh an Conraitheoir i gcónaí go bhfuil an clúdach árachais ar fad arna ghlacadh de réir an chlásail seo ar théarmaí atá cosúil go substaintiúil leis na téarmaí sin ar a nglactar árachas den chineál sin de ghnáth agus go n-áirítear leis forálacha lena gcoisctear seachaint agus neamhbhailíochtú ionas nach ndéanfar dochar do chlúdach árachais arna thabhairt don Choimisiún le haon ghníomh ag an gConraitheoir nó ina aghaidh arb ionann é agus sárú ar an bpolasaí sin.

**9.2 Fógra a Thabhairt**

Tabharfaidh an Conraitheoir fógra i scríbhinn don Choimisiún faoi aon éileamh a dhéanann sé ar aon pholasaí árachais agus coinneoidh sé an Coimisiún ar an eolas i scríbhinn faoin dul chun cinn atá á dhéanamh ar aon éileamh den sórt sin. Gan teorainn, déanfaidh an Conraitheoir, arna iarraidh sin i scríbhinn ag an gCoimisiún, cóipeanna de dhoiciméid atá ábhartha d’aon éileamh den sórt sin a chur ar fáil don Choimisiún.

**9.3 Íocaíocht**

Má fhaigheann an Conraitheoir íocaíocht ó árachóir de bhun éileamh ar pholasaí árachais, taiscfidh sé go pras, nó cuirfidh sé faoi deara go dtaiscfear go pras, suim den sórt sin sa Chuntas Bainc.

## 10 CUID 10.0 – FOIRCEANNADH, CEALÚ AGUS CÚLGHAIRM NA nDEONTAS

**10.1 Eachtraí**

Féadfaidh an Coimisiún, am ar bith le linn théarma an Chonartha seo, (a) an Conradh a fhoirceannadh, (b) stop a chur le híoc an Deontais; agus/nó (c) an Deontas nó an méid sin de nár íocadh leis an gConraitheoir a chúlghairm nó a laghdú más rud é:

10.1.1 nach bhfuil na cúlchistí riachtanacha airgeadais ar fáil ag an gCoimisiún chun aon Tráthchuid Deontais a íoc;

10.1.2 go bhfoirceanntar an Conradh de réir Chlásal 8.3.1.1;

10.1.3 go bhfaightear amach go raibh Baránta bréagach nó míthreorach go méid ábhartha nuair a thug an Conraitheoir don Choimisiún é;

10.1.4 go bhfuil athrú ann i gceann ar bith de na cúinsí atá leagtha amach i gClásal 2.1, a measann an Coimisiún é a bheith stuama, riachtanach nó cuí a chearta faoin gClásal seo 10.1 a fheidhmiú ina fhianaise;

10.1.5 gur theip ar an gConraitheoir, i dtuairim an Choimisiúin, cloí ar bhealach ábhartha le hoibleagáid nó le riachtanas faoin gConradh seo agus/nó faoi aon chonradh nó aon chomhaontú eile arna dhéanamh idir an Conraitheoir agus an Coimisiún agus/nó le haon fhoráil d'Acht 2009 nó de rialacháin arna ndéanamh de bhun Acht 2009 agus/nó Acht na gCuideachtaí, 2014;

10.1.6 gur eisigh an Coimisiún fógra de bhun Chlásal 10.2 thíos;

10.1.7 go bhfuil ordú féimheachta déanta in aghaidh an Chonraitheora (más duine aonair é);

10.1.8 go gcuirtear achainí i láthair ar son fhoirceannadh an Chonraitheora;

10.1.9 go gcuirtear achainí i láthair ar son scrúdaitheoir a cheapadh don Chonraitheoir;

10.1.10 tionóltar cruinniú de chuid an Chonraitheora ag a bhfuil réiteach foirceanta le beartú;

10.1.11 go ndéantar glacadóir nó glacadóir agus bainisteoir a cheapadh thar ghnóthas nó thar shócmhainní an Chonraitheora nó thar aon chuid de/díobh;

10.1.12 go dtéann an Conraitheoir isteach in aon scéim nó in aon chomhréiteach nó socrú lena chuid creidiúnaithe nó go mbeartaíonn an Conraitheoir déanamh amhlaidh; nó

10.1.13 nach bhfuil an Conraitheoir in ann a fhiacha a íoc mar a thagann siad dlite.

**10.2 Aisghlámadh**

Más rud é go gcúlghairtear an Deontas de réir Chlásal 10.1, déanfaidh an Conraitheoir na suimeanna ar fad a fuair an Conraitheoir i leith an Deontais a aisíoc leis an gCoimisiún tar éis éileamh i scríbhinn a fháil. Más rud é go laghdaítear an Deontas de réir Chlásal 10.1, déanfaidh an Conraitheoir na suimeanna ar fad a fuair an Conraitheoir de bhreis ar an Deontas laghdaithe a aisíoc leis an gCoimisiún tar éis éileamh i scríbhinn a fháil. I gceachtar cás, aisíocfar na suimeanna ar fad láithreach agus ina n-iomláine (gan fritháireamh, laghdú, coinneáil siar, frithéileamh ná a leithéid) agus, d'éagmais na haisíocaíochta sin, beidh na suimeanna sin inghnóthaithe ag an gCoimisiún ón gConraitheoir mar fhiach conartha shimplí i gcúirt dlínse inniúla.

**10.3 Ús**

Beidh ús ar an Méid Aisghlámtha, ón dáta a bheidh sé dlite faoi Chlásal 10.2 (roimh an mbreithiúnas agus ina dhiaidh), ar ráta 3% in aghaidh na bliana thar an Ráta Tairgthe Idir-Bhainc Eorpaigh (EURIBOR) trí mhí ó am go chéile. Agus cinneadh á dhéanamh ar cén uair a d'íoc an Conraitheoir an Méid Aisghlámtha leis an gCoimisiún, glacfar leis go mbeidh an Coimisiún ag gnóthú suime a d'íoc an Coimisiún leis an gConraitheoir ar dháta roimhe sin sula ngnóthóidh sé suim a d'íoc

an Coimisiún leis an gConraitheoir ar dháta níos déanaí chun críocha an t-ús atá dlite a ríomh.

**10.4 Foirceannadh**

Foirceannfar an Conradh seo ar an dáta a íocfaidh an Coimisiún an tráthchuid Deontais bheartaithe deiridh leis an gConraitheoir, ach amháin sa chás gur foirceannadh é roimhe sin de réir a théarmaí nó mar go raibh Eachtra Dócmhainneachta ann. Tá foirceannadh an Chonartha seo, ar aon bhealach, gan dochar do chearta agus do theidlíochtaí an Choimisiúin faoi théarmaí an Chonartha seo agus do chearta agus do bhearta leighis an Choimisiúin sa dlí nó i gcothromas i dtaca leis na hábhair lena mbaineann foirceannadh den sórt sin. Ní théann foirceannadh ná dul as feidhm an Chonartha i bhfeidhm ar in-fhorfheidhmitheacht fhorálacha an Chonartha seo, ar forálacha iad a luaitear a bheidh i bhfeidhm tar éis foirceannadh nó dul as feidhm nó a bhfuil tionchar acu go hintuigthe tar éis foirceannadh nó dul as feidhm (lena n-áirítear gach slánaíocht).

**10.5 Iarmhairtí an Fhoirceanta**

Ar fhoirceannadh (nó ar dhul as feidhm) an Chonartha seo ar cibé cúis:

10.5.1 foirceannfar gach ceart agus oibleagáid de chuid na bpáirtithe faoin gConradh seo go huathoibríoch, cé is moite d'aon chearta gníomhaíochta a d'fhéadfadh a bheith tabhaithe roimh fhoirceannadh (nó roimh dhul as feidhm) agus d'aon chearta nó oibleagáidí a bheartaítear go follasach nó go hintuigthe a thosú nó a choinneáil i bhfeidhm tar éis foirceannadh (nó dul as feidhm);

10.5.2 déanfaidh páirtí, má iarrann an páirtí eile i scríbhinn air déanamh amhlaidh, na cóipeanna go léir d'Fhaisnéis Rúnda ábhartha atá ina sheilbh, faoina choimeád nó faoina rialú a scrios go pras, beag beann ar an riocht atá air.

## 11 CUID 11.0 – RÚNDACHT

**11.1 Rúndacht**

Geallann an Conraitheoir go ndéanfaidh sé na nithe seo a leanas i gcónaí le linn théarma an Chonartha agus tar éis dhul as feidhm nó fhoirceannadh an Chonartha seo, seachas mar a fhoráiltear dó sa Chonradh seo nó mar a údaraíonn an Coimisiún i scríbhinn roimh ré:

11.1.1 an Fhaisnéis Rúnda ar fad a choinneáil faoi rún;

11.1.2 gan aon Fhaisnéis Rúnda a nochtadh d'aon duine eile;

11.1.3 gan aon Fhaisnéis Rúnda a úsáid chun aon chríche eile seachas mar a bheartaítear le téarmaí an Chonartha seo agus faoina réir;

11.1.4 gan cóipeanna a dhéanamh d'aon Fhaisnéis Rúnda, í a thaifeadadh ar aon bhealach ná í a thabhairt ar láimh; agus

11.1.5 a chinntiú nach ndéanfaidh aon duine dá chuid stiúrthóirí, oifigeach, fostaithe, gníomhairí nó comhairleoirí aon ghníomh a bheadh ina chúis le sárú ar na forálacha den chlásal seo 11.

**11.2 Nochtadh údaraithe**

Níl feidhm ag na srianta atá leagtha amach sa chlásal seo 11 maidir le haon úsáid nó nochtadh arna (h)údarú ag an gCoimisiún nó a cheanglaítear leis an dlí agus níl feidhm acu ach oiread maidir le haon fhaisnéis atá san fhearann poiblí cheana féin nó a thagann isteach ann ar shlí nach n-áiríonn nochtadh neamhúdaraithe an Chonraitheora.

**11.3 Maoin an Choimisiúin** Aontaíonn an Conraitheoir gur leis an gCoimisiún na doiciméid, na lámhleabhair, na crua-earraí agus na bogearraí a chuireann an Coimisiún ar fáil don Chonraitheoir chun críocha an Tionscadail agus aon sonraí nó doiciméid (cóipeanna ar áireamh) a tháirgtear, a choinnítear nó a stóráiltear ar na ríomhchórais nó aon trealamh leictreonach eile de chuid an Chonraitheora.

**11.4 Iarmhairtí an Fhoirceanta**

Leanfaidh forálacha an chlásail seo de bheith i bhfeidhm d’ainneoin dhul as feidhm nó fhoirceannadh an Chonartha seo ar cibé cúis.

## 12 CUID 12.0 – SLÁNAÍOCHT AGUS DLITEANAS

**12.1 Slánaíocht**

Slánóidh an Conraitheoir an Coimisiún go hiomlán agus go héifeachtach agus coinneoidh sé an Coimisiún slánaithe in aghaidh éilimh de dheasca agus in aghaidh gach dliteanais, caillteanais, éilimh, damáiste, fíneála, dámhachtana, speansais nó costais a thabhaíonn an Coimisiún agus a eascraíonn go díreach nó go hindíreach as nó i dtaca le déanamh, críochnú agus/nó saothrú an Tionscadail nó Aschur an Tionscadail ag an gConraitheoir agus/nó ag a chuid Fochonraitheoirí agus/nó comhlíonadh nó neamh-chomhlíonadh aon oibleagáidí atá air/orthu faoin gConradh seo ag an gConraitheoir agus/nó a chuid Fochonraitheoirí nó aon ghníomhartha nó neamhghníomhartha ag an gConraitheoir nó a chuid Fochonraitheoirí, gníomhairí, fostaithe, oifigeach agus/nó ionadaithe agus ní choinneoidh sé an Coimisiún cuntasach as an méid sin. Fanfaidh an tslánaíocht sin i bhfeidhm tar éis dhul as feidhm nó fhoirceannadh an Chonartha seo.

**12.2 Dliteanas**

Níl aon dliteanas ar thaobh an Choimisiúin i leith an Chonraitheora agus níl aon fhreagracht ar an gCoimisiún dó ar aon bhealach (bíodh sé faoi réir conartha, torta, cothromais, reachta nó ar shlí eile) a eascraíonn as an gConradh seo nó i dtaca leis (cé is moite den oibleagáid atá air an Deontas a íoc, nuair is iníoctha, faoi réir théarmaí an Chonartha seo agus ar choinníoll nach mó an dliteanas ar thaobh an Choimisiúin ina leith sin ná méid an Deontais atá dlite agus iníoctha go cuí). Gan dul i bhfeidhm ar an méid sin roimhe seo ná é a theorannú, níl aon dliteanas ar thaobh an Choimisiúin i leith an Chonraitheora agus níl aon fhreagracht ar an gCoimisiún dó i

dtaca le haon iarmhairtí, bíodh siad díreach nó indíreach, a d'fhéadfadh teacht as déanamh, críochnú, cur i gcrích, cur chun feidhme nó saothrú an Tionscadail (nó mainneachtain déanamh amhlaidh) ag an gConraitheoir, as úsáid an Deontais nó as cúlghairm nó laghdú an Deontais.

## 13 CUID 13.0 – GINEARÁLTA

### 13.1 Sannadh

13.1.1 Ní fhéadfaidh an Conraitheoir tairbhe ná ualach an Chonartha seo a shannadh, a fhochonrú, a mhorgáistiú, a mhuirearú nó a aistriú ar shlí eile go hiomlán nó go páirteach gan cead roimh ré i scríbhinn a fháil ón gCoimisiún.

13.1.2 Faoi réir chlásal 13.1.1, beidh gach doiciméad fochonartha agus roghnú fosholáthraí faoi réir cead roimh ré i scríbhinn a fháil ón gCoimisiún sula ndámhann an Conraitheoir aon fhochonradh. Ní chruthófar leis an gcead sin aon chaidreamh conarthach idir an Coimisiún agus aon Fhochonraitheoir.

13.1.3 Beidh freagracht iomlán ar an gConraitheoir as feidhmíocht a chuid Fochonraitheoirí i dtaca leis an Tionscadal agus as gach gníomh agus neamhghníomh ag a Fhochonraitheoirí uile a mhéid céanna atá sé freagrach as gníomhartha agus neamhghníomhartha ag a chuid fostaithe.

13.1.4 Coimeádfaidh an Conraitheoir gach taifead agus doiciméad fochonartha, lena n-áirítear, gan teorainn, comhfhreagras idir an Conraitheoir agus a chuid Fochonraitheoirí, agus caomhnóidh sé na doiciméid sin ar feadh trí (3) bliana tar éis fhoirceannadh an Chonartha nó ar feadh aon tréimhse eile a fhéadfaidh an Coimisiún a iarraidh. Cuirfidh an Conraitheoir taifid agus doiciméid den sórt sin ar fáil don Choimisiún mar chuid de chearta iniúchta an Choimisiúin faoin gConradh.

### 13.2 Fógraí

Is i scríbhinn a bheidh aon fhógra faoin gConradh seo agus beidh sé sínithe ag an bpáirtí a thugann an fógra nó beidh sé sínithe thar ceann an pháirtí sin. Ní mór aon fhógra a dhéantar faoin gConradh seo nó i dtaca leis a bheith scríofa i mBéarla nó i nGaeilge agus ní mór é a bheith seachadta go pearsanta nó seolta trí phost seachadta chláraithe nó thaifeadta réamhíoctha chuig an bpáirtí atá ar an bhfaighteoir beartaithe chuig an seoladh dó atá leagtha amach ar thosach an Chonartha seo nó chuig aon seoladh athbhreithnithe a chuirtear in iúl de réir agus chun críocha an Chlásail seo 13.2. Mura gcruthaítear a mhalairt, meastar gach fógra a bheith tugtha nó déanta agus seachadta (má sheachadtar sa phost é) dhá (2) Lá Oibre tar éis é chur sa phost nó (má sheachadtar go pearsanta é) an chéad Lá Oibre eile tar éis é a fhágáil ag an seoladh lena mbaineann.

### 13.3 An Comhaontú Iomlán

Is ionann an Conradh seo agus tuiscint iomlán na bpáirtithe ar ábhar an Chonartha seo agus sáraíonn sé, go háirithe, gach plé, comhaontú, litir intinne a rinneadh

roimhe seo agus gach ábhar eile lena mbaineann, ar nithe iad a chúlghairtear leis seo le toiliú frithpháirteach na bpáirtithe, agus glacann sé a n-ionad. Deimhníonn an Conraitheoir nach raibh sé ag brath ar aon uiríll, ráitis, bharántaí, choinníollacha agus téarmaí seachas iad sin atá leagtha amach go follasach sa Chonradh agus nach ndeachaigh na páirtithe isteach in aon chonradh comhthaobhach agus deimhníonn sé nach bhfuil aon bhearta leighis aige ina leith. Ní eisiaitear le haon rud sa Chlásal seo 13.3 aon dliteanas a bheadh ag páirtí amháin i leith an pháirtí eile i dtaca le haon ráitis a dhéantar go calaoiseach.

**13.4 Forghníomhú**

Tá an dá Pháirtí ag dul isteach sa Chonradh mar phríomhoifigeach thar a gceann féin. Níl éifeacht ag an gConradh seo ach ar é a bheith forghníomhaithe agus soláthartha ag an dá pháirtí nó thar a gceann. Féadfar an Conradh seo a fhorghníomhú i líon ar bith contrapháirteanna agus féadfaidh na páirtithe difriúla é a fhorghníomhú i gcontrapháirteanna ar leithligh. Measfar ar fhorghníomhú gach contrapháirte gurb é an ceann bunaidh é, agus cuimseofar an t-aon ionstraim amháin sna contrapháirteanna sin i dteannta a chéile.

**13.5 Oibleagáidí**

Má tá níos mó ná duine amháin i gceist leis an gConraitheoir, is faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach a rachaidh gach duine den sórt sin isteach sna forálacha go léir den Chonradh seo agus beidh na daoine sin go léir faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach faoin gConradh seo. Tá an Conradh seo ina cheangal ar chomharba agus sannaithe aon pháirtí agus cinntítear go bhfuil sé lena leas (ar choinníoll nach ndéanann sé sin dochar do Chlásal 13.1).

**13.6 Tarscaoileadh**

Ní fhéadfaidh páirtí forálacha an Chonartha seo a tharscaoileadh ach i scríbhinn trí thagairt fhollasach don chlásal seo. Tarscaoileadh ag páirtí i leith aon sáraithe ar fhorálacha an Chonartha seo arna dhéanamh ag an bpáirtí eile, níl sé ina tharscaoileadh ginearálta i leith aon fhorála den sórt sin ná aon ghnímh ina dhiaidh sin atá contrártha di. Mainneachtain nó faillí ag páirtí aon fhoráil den Chonradh seo, níl sí ina tarscaoileadh i leith chearta an pháirtí sin faoin gConradh seo nó faoin Dlí (agus ní mheasfar í a bheith ina tarscaoileadh i leith chearta an pháirtí sin faoin gConradh seo nó faoin Dlí) agus ní dhéanann sí dochar don cheart atá ag páirtí chun gníomh a dhéanamh ina dhiaidh sin maidir le foráil den sórt sin.

**13.7 Leasú**

Ní bailí a bheidh aon leasú ar an gConradh seo mura bhfuil sé i scríbhinn agus sínithe ag na páirtithe nó thar a gceann.

**13.8 Téarmaí Neamh-infhorfheidhmithe**

Má chinneann aon chúirt dlínse inniúla nó aon údarás inniúil eile go bhfuil aon fhorálacha den Chonradh seo neamh-infhorfheidhmithe, neamhdhleathach nó neamhnitheach go hiomlán nó go páirteach, féadfaidh an chúirt ábhartha nó an t-údarás inniúil lena mbaineann aon chuid den sórt sin a bhaint den chuid eile den Chonradh, rud a bheidh i bhfeidhm agus in éifeacht go hiomlán a oiread a cheadaítear leis an Dlí.

### 13.9 Gan Chomhpháirtíocht

Ní bhunaítear leis an gConradh seo go bhfuil aon pháirtí mar ionadaí dlíthiúil, fostaí, fostóir, comhfhiontraí, comhpháirtí ná gníomhaire don pháirtí eile. Ina theannta sin, níl an ceart ná an t-údarás ag aon pháirtí nó comharba aon pháirtí aon dliteanas nó oibleagáid de chineál ar bith a luaitear nó a mhaítear in aghaidh, in ainm nó thar ceann aon pháirtí eile a ghlacadh, a chruthú nó a thabhú.

### 13.10 Cosaint i ndáil le Cearta

13.10.1 Tá eolas ag an gCoimisiún ar a bhfuil i mBunreacht an Chonraitheora, nuair is infheidhme. Ní mheastar, de bhua aon eolais den sórt sin nó aon toilithe lena leasú, gur thug an Coimisiún toiliú le hidirbheart nó le haon imeacht a d'fhéadfadh a bheith breithnithe i mBunreacht an Chonraitheora nó in aon chomhaontú den sórt sin.

13.10.2 Mura luaitear ceart nó beart leighis de chuid an Choimisiúin a bheith ina cheart eisiach nó ina bheart leighis eisiach, is carnach atá cearta an Choimisiúin agus ní dhéanann feidhmiú aon chirt nó aon bhirt leighis ag an gCoimisiún dochar dá chearta eile agus dá bhearta leighis eile faoin gConradh seo agus/nó faoin Dlí.

### 13.11 An Dlí Cuí

Déanfar an Conradh seo agus gach ní agus díospóid a eascraíonn as nó i dtaca leis a rialú agus a fhorléiriú i gcomhréir le dlíthe na hÉireann agus géilleann gach ceann de na páirtithe leis seo go neamh-inchúlghairthe do dhlínse neamheisiach Chúirteanna na hÉireann.

Coimisiún na Meán

## SCEIDEAL 4

## AN PLEAN TIONSCADAIL

Coimisiún na Meán

**SCEIDEAL 5**

**AN PLEAN BUISÉID AGUS MAOINIÚCHÁIN**

Féach Sceideal 4 chun teacht ar an mBuiséad.

| **PLEAN MAOINIÚCHÁIN AN TIONSCADAIL:** | | |
|---|---|---|
| **Foinse** | **Méid** | **Céatadán den Iomlán** |
| Coimisiún na Meán | € | |
| ●[Cómhaoinitheoir] | € | |
| ●[Cómhaoinitheoir] | € | |
| **Iomlán** | **€** | **100%** |

Coimisiún na Meán

**DÁ FHIANÚ SIN** go ndeachaigh na páirtithe isteach sa Chonradh seo ar an lá agus sa bhliain is túisce atá **SCRÍOFA** thuas**.**

**I LÁTHAIR** nuair a greamaíodh Séala
**CHOIMISIÚN NA MEÁN**
leis seo:-

| | |
|---|---|
| -------------------------- | -------------------- |
| **COIMISINÉÍR** | **STIÚRTHÓIR** |

( ) 2025

**I LÁTHAIR** nuair a greamaíodh Comhshéala
**[AINM AN CHONRAITHEORA]**
leis seo:-

| | |
|---|---|
| ______________________________ | ______________________________ |
| **Conraitheoir údaraith 1** | **Conraitheoir Údaraithe 2** |

Greamaigh
Comhshéala an Chomhlachta
anseo
le do thoil